Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11995/26**

**LIMITE**

**CORLX 806**
**CFSP/PESC 1198**
**COEST 574**
**FIN 1087**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES[1].

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) I Rún ES-11/7 uaidh, a glacadh an 24 Feabhra 2025, mheabhraigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe gur gá na rúin ábhartha uaidh a glacadh mar fhreagairt ar an bhfogha faoin Úcráin a chur chun feidhme ina n-iomláine, go háirithe a éileamh go ndéanfadh Cónaidhm na Rúise a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus a éileamh go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise deireadh láithreach leis an gcogaíocht i gcoinne na hÚcráine, go háirithe aon ionsaí ar shibhialtaigh agus ar réada sibhialtacha.

(4) Fad a leanfaidh gníomhaíochtaí neamhdhleathacha Chónaidhm na Rúise de rialacha bunúsacha an dlí idirnáisiúnta a shárú, lena n-áirítear, go háirithe, an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, nó rialacha an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a shárú, is iomchuí na bearta uile arna bhforchur ag an Aontas a choinneáil i bhfeidhm, agus bearta breise a dhéanamh, más gá sin.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/512/oj).

(5) Is iomchuí dáta chur i bhfeidhm an tsásra chun an chaidhp phraghais ar amhola a leasú a chur siar. Le Cinneadh (CBES) 2025/1495[2] ón gComhairle, bunaíodh nós imeachta chun an chaidhp phraghais sin a choigeartú faoi threoir mheánphraghas margaidh amhola na Rúise. Tá sé beartaithe leis an gcur siar sin tuilleadh ama a thabhairt don Chomhairle chun aon leasú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach i bhfianaise forbairtí sa mhargadh a scrúdú agus a ghlacadh, agus ar an gcaoi sin próiseas cinnteoireachta ordúil, dea-mhachnaithe a áirithiú.

(6) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/512/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

---

2 Cinneadh (CBES) 2025/1495 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2025/1495, 19.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1495/oj).

*Airteagal 1*

In Airteagal 4p de Chinneadh 2014/512/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘13. Cuirfear siar cur i bhfeidhm an nós imeachta chun an chaidhp phraghais a leagtar amach i mír 12 den Airteagal seo a leasú, lena n-áirítear meánphraghas margaidh amhola na Rúise thar thréimhse 22 sheachtain a ríomh, foilsiú fógra maidir leis an meánphraghas margaidh sin agus leasú Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, ionas go bhfoilseoidh an Coimisiún an 23 Iúil 2026 fógra maidir leis an meánphraghas margaidh sin lena dtagraítear don tréimhse 22 sheachtain ón 15 Eanáir go dtí an 17 Meitheamh 2026 agus go mbeidh feidhm ag an leasú ar Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón 15 Lúnasa 2026. Leanfaidh an chaidhp phraghais reatha d’fheidhm a bheith aici go dtí dáta chur i bhfeidhm na caidhpe praghais nua.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC